# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009

## OIDEACHAS REILIGIÚNACH – GNÁTHLEIBHÉAL

Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo:

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA FHREAGARLEABHAR SEO.

3. CAITHFIDH TÚ TABHAIRT FAOI GACH CEANN DE NA 4 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO.

***Don Fheitheoir amháin***

*Stampa an Ionaid*

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| Marc don Pháipéar | |
| Bónas don fhreagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc don Dialann | |
| Móriomlán | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bunleathanaigh | |
| 2. Móriomlán na gceisteanna dícheadaithe | |
| 3. Marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| Nóta: Ní mór don mharc i sraith 3 thuas a bheith cothrom leis an marc sa bhosca 'Marc don Pháipéar' thall. | |

## ROINN 1

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

CAITHFIDH TÚ **DEICH** GCINN DEN FHICHE CEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

SNA CEISTEANNA INA NIARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ, NÁ CUIR TIC ACH I MBOSCA **AMHÁIN**. **(Tá 8 marc ag gabháil le gach ceist)**

**1**. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'misean' ná ______________________________

______________________________________________________________

**2**. Is é atá i gceist le héacúiméineachas ná bheith ag obair ar son na haontachta idir Eaglaisí Críostaí éagsúla. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**3**. Is é atá sa seicteachas ná fuath do dhuine eile de bharr - (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Inscne ☐ Náisiúntachta ☐ Reiligiúin ☐

**4**. Reiligiún domhanda a bhfuil baint aige le hildiachas ná ______________________________

______________________________________________________________

**5**. Is ionann muinín ag iontaoibh a bheith agat as fírinne ruda. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**6**. Cabhraíonn coinsias duine leis/léi chun ______________________________

______________________________________________________________

**7**. Scríobh na soiscéalaithe téacsanna naofa na Hiondúch. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**8**. Cuireann daoine a gcreidimh reiligiúnacha in iúl sa tslí a gcaitheann siad a saol. Luaigh slí **amháin** eile ar ar féidir le daoine a gcreideamh a chur in iúl. ______________________________

**9**. Cé acu **ceann** de na príomhreiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil an bhaint is mó ag na Ceithre Fhírinne Thriathacha leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

**10**. I bpaidir mholta bíonn duine ______________________________

______________________________________________________________

**11**. Soiscéal sionoptach é Soiscéal Naomh Eoin. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**12**. I dtéarmaí reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'peaca' ná ______________________________________

______________________________________________________________________

**13**. Ba iad na daoine a raibh cumhacht pholaitiúil acu sa Phailistín in aimsir Íosa ná -
(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

na hAisiriaigh ☐ na hÉigiptigh ☐ na Rómhánaigh ☐

**14**. Sampla é an baisteadh de shacraimint Chríostaí.

Ainmnigh sacraimint Chríostaí **amháin** eile ______________________________

**15**. Ce acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a mbaineann an t-ainm Allah leis?
(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

**16**. Léigh liosta na gceannairí reiligiúnacha agus liosta na reiligiún domhanda a thugtar thíos. Meaitseáltar ceannaire reiligiúnach amháin leis an reiligiún domhanda a bhfuil an bhaint is mó aige leis, mar shampla duit. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Ceannairí Reiligiúnacha* |
|---|
| Brahmin |
| Íosa |
| Maois |
| Muhammad |
| Siddhartha Gautama |

| *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|
| An Búdachas |
| An Chríostaíocht |
| An Hiondúchas |
| An tIoslamachas |
| An Giúdachas |

| | | |
|---|---|---|
| *Sampla:* | Íosa | An Chríostaíocht |
| *Freagra:* | | |

**17**. Is féidir le creideamh reiligiúnach tionchar a bheith aige ar dhearcadh duine i dtaobh cad atá ceart agus cad atá mícheart.

Ainmnigh rud **amháin** eile a mbíonn tionchar aige ar dhearcadh duine i dtaobh a bhfuil ceart agus mícheart. ______________________________________________

**18**. Is é is cré ann ná ráiteas creidimh. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**19**. Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil an bhaint is mó ag an ainm Yahweh/YHWH leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An Giúdachas ☐

**20**. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'maoirseacht' ná ______________________________

______________________________________________________________________

## ROINN 2

(60 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ** CINN DE NA GRIANGHRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA AR GACH CEANN ACU. **(Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1. Seo grianghraf de dhaoine ag comhroinnt i bpobal creidimh.**



*RexFeatures/SIPA*

**A**. Roghnaigh rud **amháin** as an ngrianghraf seo a léiríonn comhroinnt i measc daoine sa phobal creidimh seo.

(6 mharc)


**B**. Tabhair sampla **amháin** eile de shlí ar ar féidir comhroinnt i bpobal creidimh a fheiceáil.

(6 mharc)

**C**. Luaigh cúis **amháin** a bhfuil an chomhroinnt tábhachtach do bhaill pobal creidimh.

(8 marc)

**Ceist 2. Tá an pictiúr seo bunaithe ar espéireas na gcéad Chríostaithe den Chincís.**



*masbury.files.wordpress.com*

**A**. Roghnaigh rud **amháin** as an bpictiúr seo a thaispeánann go bhfuil sé bunaithe ar eispéireas na gcéad Chríostaithe den Chincís.

(6 mharc)


**B**. Bhraith na chéad Chríostaithe eispéireas na Cincíse tar éis bháis Íosa. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐ (6 mharc)

**C**. Luaigh tionchar **amháin** a bhí ag eispéireas na Cincíse ar na chéad Chríostaithe.

(8 marc)

**Ceist 3. Seo grianghraf de dhaoine ag glacadh páirte in oilithreacht reiligiúnach.**



*Ruqaiyyah Waris Maqsood 1993*

**A**. Roghnaigh rud **amháin** as an ngrianghraf seo a thaispeánann go bhfuil na daoine seo ag glacadh páirte in oilithreacht.

(6 mharc)

**B**.

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Búdachas | ☐ | An Hiondúchas | ☐ |
| An tIoslamachas | ☐ | An Giúdachas | ☐ |

Cuir tic ✓le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda thuas agus ainmnigh ionad oilithreachta a bhfuil baint aige leis.

(6 mharc)

**C**. Luaigh cúis **amháin** a nglacfadh baill reiligiúin dhomhanda páirt in oilithreacht.

(8 marc)

**Ceist 4. Seo grianghraf de bhaill pobal creidimh ag léiriú ómóis ag tuama an Phápa Eoin Pól II.**



*Irish Independent*

**A**. Roghnaigh rud **amháin** as an ngrianghraf seo a chuireann in iúl go bhfuil ómós á léiriú ag baill an phobal creidimh seo ag an tuama seo.

(6 mharc)

**B**. Tabhair sampla **amháin** eile de shlí ar ar féidir le baill pobal creidimh ómós a léiriú.

(6 mharc)

**C**. Luaigh cúis **amháin** go bhfuil sé tábhachtach do bhaill pobal creidimh go ndéanfaí ómós a léiriú.

(8 marc)

## ROINN 3

(60 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

*Seo a leanas píosa as litir ina labhraíonn déagóir mar gheall ar chreideamh reiligiúnach.*

LÉIGH AN CUNTAS SEO A LEANAS GO CÚRAMACH AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA GO LÉIR A LEANANN É.

> *…Táim 15 bliana d'aois. Muintir an-chráifeacha is ea mo mhuintirse agus tógadh mé le creideamh a bheith agam i nDia. Mhúin siad dom conas guí agus tugadh go dtí seirbhís reiligiúnach gach seachtain mé. Ó m'óige is cuimhin liom scéalta diaganta a bheith á n-insint dom faoi dhaoine tábhachtacha a mhair fadó a raibh an creideamh céanna acu is atá agam féin. De réir mar a chuaigh mé in aois thosaigh mé ag léamh na scrioptúr diaga agus is minic a léim anois iad do dhaoine eile ag ár seirbhísí reiligiúnacha.*
>
> *Faoi láthair tá a lán ceisteanna á gcur agam faoi Dhia. Ach is rí-thábhachtach dom fós an creideamh atá agam. Déanaim iarracht guí gach lá, fiú más go díreach sula dtéim a luí a dhéanaim é. Déanaim iarracht chomh maith cabhrú le daoine eile ar cibé slí is féidir liom. Tá a fhios agam go dtugann Dia aire dom agus gur féidir liom brath air i gcónaí. Cibé uair nach mbíonn nithe ag dul ar aghaidh mar is ceart guím ina dtaobh. Creidim go gcabhraíonn mo chreideamh liom chun nithe a oibriú amach agus chun cinntí fónta a dhéanamh. Cé nach dtuigim go hiomlán gach ní faoi Dhia, cuimhním ar Dhia mar dhlúthchara.*
>
> *Robin*

**1**. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí ar ar féidir léiriú a fháil ar chreideamh reiligiúnach i litir Robin.

i. ______________________________________________

ii. ______________________________________________

(16 mharc)

**2**. ● Cairde ● An Scoil ● Cultúr na hÓige

Roghnaigh **dhá** cheann díobh sin thuas agus mínigh conas a d'fhéadfadh gach ceann díobh tionchar a bheith acu ar chreideamh reiligiúnach déagóra.

i. ____________

ii. ____________

(18 marc)

**3**. Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil staidéar déanta agat air.

An Búdachas☐ An Chríostaíocht☐ An Hiondúchas☐ An tIoslamachas☐ An Giúdachas☐

a. Ainmnigh téacs naofa **amháin** a bhfuil baint aige leis an reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas.

(8 marc)

b. Mínigh **dhá** chúis a bhfuil téacs diaga tábhachtach do bhaill reiligiúin dhomhanda.

i.

ii.

(18 marc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

FREAGAIR **CÚIG** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist)**

### Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH

**A.** a. Ainmnigh pobal creidimh **amháin** atá ann in Éirinn an lae inniu.

____________________________________________________

(8 marc)

b. Mínigh **dhá** chúis go bhféadfadh tábhacht a bheith ag baint le pobal creidimh i gcás an duine.

i. ____________________________________________________

ii. ____________________________________________________

(12 mharc)

**B.** a. D'fhéadfaí a rá gurb é is gairm ann ná glao chun freastal ar phobal creidimh.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐ (8 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist i sampla **amháin** de ghairm i bpobal creidimh a bhfuil staidéar déanta agat air.

____________________________________________________

(12 mharc)

**Ceist 2.** **BUNÚS AN REILIGIÚIN –AN CHRÍOSTAÍOCHT**

**A.** a. Parabal amháin a d'inis Íosa dá lucht leanúna ná – (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Trasnú na Mara Rua ☐ Tógáil iníon Jairus ó na mairbh ☐ Filleadh an Mhic Dhrabhlásaigh ☐

(8 marc)

b. Déan cur síos go mion ar ar tharla i bparabal **amháin** a d'inis Íosa dá lucht leanúna.

Ainm an pharabail: ______________________________

(10 marc)

**B**. a. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** phointe a mhúin Íosa dá lucht leanúna faoi Ríocht Dé i bparabal a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ainm an pharabail: ____________________

i. ____________________

ii. ____________________

(12 mharc)

b. Mínigh fáth **amháin** ar bhain Íosa leas as parabail chun a lucht leanúna a theagasc faoi Ríocht Dé.

____________________

(10 marc)

**Ceist 3.** **BUNÚS AN REILIGIÚIN – NA MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA**

**A.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na príomhreiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil staidéar déanta agat air.

An Búdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

a. Ainmnigh réad reiligiúnach **amháin** a bhaineann leis an reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha leis thuas.

________________________________________

(8 marc)

b. Mínigh **dhá** fháth go bhfuil an réad reiligiúnach atá ainmnithe agat i gcuid *a)* tábhachtach do bhaill an reiligiúin dhomhanda a bhfuil tic curtha agat leis.

i. ________________________________________

ii. ________________________________________

(12 mharc)

**B.** a. I dtraidisiúin reiligiúnacha, is é a chiallaíonn an téarma 'foilsiú' ná ____________________

________________________________________

(8 marc)

b. Déan cur síos ar shampla **amháin** den fhoilsiú ó scéal an bhunaitheora/lucht leanúna tosaigh an reiligiúin dhomhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas.

(12 mharc)

**Ceist 4.** **CEIST AN CHREIDIMH**

**A.** a. Ainmnigh príomhreiligiún domhanda **amháin** a bhfuil baint aige le haondiachas

(8 marc)

b. Déan cur síos ar shampla **amháin** de conas is féidir an t-aondiachas a aithint sa reiligiún domhanda atá ainmnithe agat thuas.

(12 mharc)

**B**. a. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é is ciall leis an téarma 'machnamh' ná ____________________

__________________________________________________________________

(8 marc)

b. Mínigh **dhá** fháth go bhfuil machnamh tábhachtach do bhaill traidisiúin reiligiúnaigh a bhfuil staidéar déanta agat air.

i.

ii.

(12 mharc)



THALL →

## Ceist 5. CEILIÚRADH AN CHREIDIMH

**A.** a. Léigh an liosta paidreacha agus an liosta reiligiún domhanda a thugtar thíos. Meaitseáil paidir **amháin** leis an reiligiún domhanda is mó a mbaineann sí leis.

| *Paidreacha* |
|---|
| Ár nAthair/Paidir Ár dTiarna |
| An Shahada/Shahadah |
| An Shema |
| An Paritta |
| An Rig Veda |

| *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|
| An Búdachas |
| An Chríostaíocht |
| An Hiondúchas |
| An tIoslamachas |
| An Giúdachas |

*Freagra:*

| *Paidir* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|
| | |

(8 marc)

b. ● Rinnfheitheamh ● Aithrí ● Achainí

Roghnaigh **dhá** shaghas paidre díobh siúd atá liostaithe thuas agus déan cur síos ar a bhfuil i gceist le gach saghas paidre díobh do bhaill reiligiúin dhomhanda.

i. ____________ ________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

ii. ____________ ________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(10 marc)

**B.** a. Mínigh fáth **amháin** a bhféadfadh deacracht a bheith ag duine diaganta maidir le guí a dhéanamh.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(10 marc)

b. Anseo thíos tá grianghraif de ghothaí agus de shuímh a úsáideann daoine agus iad ag guí.


*www.fotosearch.com*


*Christine Osborne Pictures*


*www.img.tebyan.net*

*Ag Umhlú* ☐ *Ag Suí* ☐ *Ag Ní* ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na gothaí *nó* na suímh thuas agus mínigh an fáth a n-úsáidtear é nuair a bhítear ag guí.

(12 mharc)

**Ceist 6. DÚSHLÁN NA MORÁLTACHTA**

**A.** a. Sna traidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn an téarma 'síochán' ná ____________________

____________________

(8 marc)

b. Déan cur síos ar **dhá** shlí ar a ndéanann baill reiligiúin dhomhanda iarracht ar shíochán a chur i réim sa domhan inniu.

i. ____________________

ii.

(12 mharc)

**B**. a. Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na príomhreiligiúin dhomhanda a bhfuil staidéar déanta agat air:

An Búdachas ☐ An Chríostaíocht ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

Ainmnigh cód morálta reiligiúnach **amháin** a bhfuil baint aige leis an reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha leis thuas.

(8 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar shlí **amháin** ar a bhféadfadh cód morálta reiligiúnach duine atá ag obair ar son na síochána sa domhan inniu, a threorú.

(12 mharc)